

# ZAFAINIÁ

**1** Briathar an Tiarna a labhraíodh le Zafainiá, mac Chúisí, mhic Ghadailiá, mhic Amairiá, mhic Hiziciá, in aimsir Ióisíá, mhic Ámón, rí Iúdá.

## Lá an Tiarna

### Breith an Tiarna ar an Domhan

**2** “Táim ar tí léirscrios a dhéanamh  
ar gach ní atá ar dhromchla an domhain,  
a deir an Tiarna.

**3** Scriosfaidh mé an duine agus an beithíoch;  
scriosfaidh mé éanlaith an aeir  
agus éisc na farraige  
(agus gach ábhar scannail  
agus gach rud a bhaineann tuisle as lucht an oilc)  
agus scuabfaidh mé an cine daonna chun siúil  
de dhromchla an domhain, a deir an Tiarna.



## Daor tar Adhradh Déithe Bréige

- <sup>4</sup> Agus sínfidh mé amach mo lámh  
in aghaidh Iúdá agus áitritheoirí uile Iarúsailéim,  
agus scuabfaidh mé chun siúil  
gach rian de Bhál as an áit seo,  
mar aon le hainmneacha  
a sheirbhíseach agus a shagart
- <sup>5</sup> iad siúd a shléachtann  
roimh réaltaí neimhe ar dhíonta na dtithe  
agus na daoine freisin a shléachtann roimh an Tiarna  
ach a mhionnaíonn dar Miolcom
- <sup>6</sup> (agus na daoine a iompaíonn ón Tiarna  
agus nach lorgann é  
agus ar beag orthu é).”
- <sup>7</sup> Bí i do thost i láthair an Tiarna Dia!  
óir tá lá an Tiarna in achmaireacht.  
Is ea, go deimhin, tá an Tiarna tar éis íobairt a ullmhú  
agus a chuid aíonna a choisreacan.



## In Aghaidh Uaisle na Cúirte

- <sup>8</sup> “Ar lá íobartha an Tiarna  
smachtóidh mé na feidhmeannaigh  
agus clann mhac an rí  
agus na daoine go léir  
a chaitheann cultacha coimhthíocha.
- <sup>9</sup> An lá sin smachtóidh mé  
na daoine go léir a léimeann thar an tairseach  
agus a líonann pálás a dtiarna  
le foréigean agus le camastaíl.

## In Aghaidh Mangairí Iarúsailéim

- <sup>10</sup> An lá sin, a deir an Tiarna,  
cloisfear gáir ó Gheata na nIasc  
agus uallfartach ón mBaile Nua  
agus callán mór ó na cnoic.
- <sup>11</sup> Déanaigí olagón, a áitritheoirí an Mhoirtéir;  
mar díothófar an lucht trádála go léir  
agus scuabfar chun siúil  
lucht meáite uile an airgid.



## In Aghaidh Díchreidmheach

<sup>12</sup> An tráth sin cuardóidh mé Iarúsailéim le lóchrainn  
agus smachtóidh mé na daoine sin  
atá ag dul i raimhre ar a ndeascadh  
agus a deir ina gcroí istigh:  
‘Ní féidir leis an Tiarna dada a dhéanamh,  
olc maith ná donái.’

<sup>13</sup> Mar sin de déanfar slad ar a maoin  
agus léirscrios ar a dtithe.  
Fiú má thógann siad tithe  
ní chónóidh siad iontu,  
agus má chuireann siad fíniúna  
ní ólfaidh siad a bhfíon.”

## Lá an Tiarna

<sup>14</sup> Tá lá mór an Tiarna in achmaireacht;  
tá sé sa chongar agus é ag teacht faoi lánluas;  
ar lá an Tiarna tógfáir gártha searbha;  
fiú an gaiscíoch, beidh sé ag gloach ar chabhair.



- <sup>15</sup> Lá díbheirge an lá sin,  
lá buartha agus angair,  
lá léirsiosta agus millte,  
lá dorchadais agus doiléire,  
lá scamall agus dúnéalta,
- <sup>16</sup> lá blosctha stoc agus gártha catha  
in aghaidh bailte daingne  
agus túr ard coirnéil.
- <sup>17</sup> Agus cuirfidh mé  
an oiread sin anró ar dhaoine  
go mbeidh siad ag amharcaíl rompu  
amhail daoine dalla,  
mar pheacaigh siad in aghaidh an Tiarna  
scaipfear a gcuid fola mar dheannach  
agus a gcuid feola mar aoileach.
- <sup>18</sup> Ní fhéadfaidh a gcuid airgid ná óir  
iad a shábháil.  
Ar lá dhíbheirg an Tiarna  
ídeofar an domhan go léir  
le tine a chuid éada.



Cuirfidh sé deireadh,  
is ea deireadh dithneasach,  
le háitritheoirí uile an domhain.

## Fíoraithrí Amháin a Shábhálfaidh Iad

**2** Cruinnígí le chéile, is ea, cruinnígí le chéile,  
a chine gan náire,  
<sup>2</sup> sula dtiomáintear chun siúil sibh mar an gcáith,  
sula dtaga fearg fhíochmhar an Tiarna oraibh,  
sula mbeire lá dhíbheirg an Tiarna oraibh.  
<sup>3</sup> Lorgaigí an Tiarna, sibhse uile,  
a dhaoine uirísle na tíre,  
a chomhlíonann a reacht.  
Lorgaigí an fhírésentacht,  
lorgaigí an uirísle;  
b'fhéidir go bhfaigheadh sibh dídean  
ar lá dhíbheirg an Tiarna.



# Oracail in Aghaidh na Náisiún

## In Aghaidh na bhFilistíneach

- <sup>4</sup> Is ea, tréigfear Gazá,  
 agus beidh Aiscileon ina díthreabh.  
 Díbreofar muintir Aisdeod i lár an lae ghil  
 agus bainfear Eacrón as a fréamhacha.
- <sup>5</sup> Mairg daoibh,  
 a áitritheoirí chósta na farraige,  
 a chine na gCréiteach.  
 (Tá briathar an Tiarna in bhur n-aghaidh.)  
 Ísleoidh mé thú, a dhúiche na bhFilistíneach!  
 Millfidh mé thú sa chaoi nach bhfágfar  
 aon áitritheoir ar bith ionat.
- <sup>6</sup> Déanfar bánta díot,  
 talamh féaraigh aoirí, agus cróite caorach.
- <sup>7</sup> Agus beidh cósta na farraige  
 ag fuílleach theaghlach Iúdá;  
 san áit sin cuirfidh siad a dtréada ar féarach;  
 rachaidh siad chun suain um thráthnóna  
 i dtithe Aiscileon,



Óir, déanfaidh an Tiarna, a nDia, cúram díobh  
agus rathóidh sé iad arís.

## In Aghaidh Mhóáb agus Amón

<sup>8</sup>“Chuala mé madaí Mhóáb  
agus cáineadh chlann Amón  
a thug aithis do mo phobal  
agus a rinne maíomh in aghaidh mo thíre féin,

<sup>9</sup>Ar an ábhar sin,”  
a deir Tiarna na Slua, Dia Iosrael,  
“dar mo bheo ach beidh Móáb mar Shodom  
agus clann Amón mar Ghomorá –  
dúiche lán neantóg, carn salainn,  
díthreabh go deo.

Creachfaidh fuílleach mo phobail iad  
agus glacfaidh iarmhar mo náisiúin seilbh orthu.”

<sup>10</sup>A chonách sin orthu de dheasca a n-uabhair!  
Mar thug siad aithis do phobal Thiarna na Slua,  
agus rinne siad maíomh ina aghaidh.

<sup>11</sup>Cuirfidh an Tiarna scanradh a n-anama orthu;  
mar cuirfidh sé déithe uile an domhain ar neamhní





agus sléachtfaidh insí uile na náisiún go talamh roimhe,  
gach ceann acu ina áit féin.

<sup>12</sup> Agus fiú amháin sibhse, a Chúisíteacha,  
pollfar sibh le mo chlaíomh.

## In Aghaidh na hAsáire

<sup>13</sup> Sínfidh sé a lámh amach in aghaidh an tuaiscirt  
agus scriosfaidh sé an Asaír  
agus déanfaidh sé díthreabh de Nínivé  
nó go mbeidh sí chomh tirim le fásach.

<sup>14</sup> Agus luífidh síos ina lár  
tréada de gach saghas ainmhithe;  
agus fiú amháin an cág agus an t-ulchabhán,  
déanfaidh siad fara dá coirnisí san oíche.  
Cloisfear a nglanna ar an bhfuinneog  
agus grágaíl an fhéich dhuibh ar an tairseach.  
Óir, tá an obair chéadrais millte.

<sup>15</sup> An í seo an chathair lúcháireach  
a mhaireadh go slán sábháilte  
agus a deireadh ina croí istigh:  
“Táimse ann agus níl mo chomh-mhaith ar fáil”?



Cad é mar a rinneadh fothrach di  
 agus brocach beithíoch!  
 Gach uile dhuine a ghabhann thairsti  
 déanann siad fáireach agus bagraíonn siad a ndoirne.

## Oracail in Aghaidh Iarúsailéim

### In Aghaidh Treoraithe an Phobail

**3** Is mairg don chathair  
 cheannairceach thruaillithe thíoránta!

<sup>2</sup> Ní éistean sí leis an teachtaireacht;  
 ní ghlacann sí leis an teagasc;  
 ní chuireann sí a muinín sa Tiarna,  
 agus ní thagann sí in ngar dá Dia.

<sup>3</sup> Leoin ag búiríl  
 is ea na huaisle atá istigh inti;  
 mic tíre choineascracha  
 nach raibh dada le creimeadh acu ar maidin,  
 is ea a cuid breithiúna.

<sup>4</sup> Bladhmaidí is ea a fáithe,  
 fir lán fill;



truaillíonn a cuid sagart nithe naofa  
agus sáraíonn siad an dlí.

- <sup>5</sup> Istigh inti ina lár tá an Tiarna cóir;  
ní dhéanann sé an t-éigeart riamh.  
Maidin i ndiaidh maidine fógraíonn sé a bhreithiúnas;  
le lonradh an lae ní loiceann sé riamh.  
Ach níl ciall ar bith do náire ag an drochdhuine.

## Ceacht ó Chinniúint na Náisiún

- <sup>6</sup> ‘Táim tar éis na náisiúin a dhísciú;  
scriosadh a dtúir choirnéil.  
Tá a sráideanna bánaithe agam  
sa chaoi nach ngabhann duine ar bith tríothu.  
Scartáladh a gcathracha  
agus níl duine ná deoraí ina gcónaí iontu.
- <sup>7</sup> Deirinn liom féin:  
‘Beidh eagla ortsa ar a laghad romham,  
agus foghlaimeoidh tú ceacht;  
agus ní scriosfar a háitreabh,  
ní bhainfear as a cuimhne go deo  
ná pionóis uile a chuir mé orthu siúd.’



Ach ní mar sin a tharla.  
Is amhlaidh atá siad ag brostú  
chun a ngníomhartha uile a thruailliú.”

<sup>8</sup>“Ar an ábhar sin,” a deir an Tiarna,  
“fan liom go dtí an lá a seasfaidh mé suas i mo chúiseoir;  
mar tá sé socair agam na náisiúin a chruinniú,  
na ríochtaí a thabhairt i gceann a chéile  
chun go ligfidh mé mo racht amach orthu,  
mo chuid feirge fíochmhaire go léir.  
Go deimhin, ídeofar an domhan go léir  
le tine mo chuid éada.

## Gealltanais

### Iompú na Náisiún

<sup>9</sup>“Is ea, tabharfaidh mé ansin  
beola glana do na ciníocha  
chun go nglaofaidh cách ar ainm an Tiarna,  
agus chun go bhfónfaidh siad dó de thoil a chéile.



<sup>10</sup> Ón taobh thall d’ aibhneacha na Cúise  
tabharfaidh mo chuid adhrathoirí, iad siúd a scaip mé,  
ofrálacha chugam.

## Fuílleach Uiríseal Iosrael

- <sup>11</sup> “An lá sin ní náireofar thú  
as na drochghníomhartha ceannairceacha a rinne tú i m’ aghaidh.  
Mar tógfaidh mé as do lár ansin  
do chuid bladhmairí uaibhreacha;  
agus uaidh sin amach ní bheidh tú  
ag siúl timpeall go toirtéiseach  
níos mó ar mo shliabh naofa.
- <sup>12</sup> Fágfaidh mé pobal bocht uiríseal i do lár  
agus lorgfaidh fuílleach Iosrael dídean  
in ainm an Tiarna.
- <sup>13</sup> Ní dhéanfaidh siad aon éigeart,  
ní mó ná a inseoidh siad bréaga,  
agus ní bhfaighfear teanga chealgach ina mbéal.  
Is ea, iníorfaidh siad agus ligfidh siad a scíth,  
agus ní chuirfidh aon duine isteach orthu feasta.”



## Gártha Áthais i Síón

- <sup>14</sup> “Déan gairdeas, a iníon Shíón;  
 tóg gártha áthais, a Iosrael;  
 bíodh lúcháir agus gliondar ar do chroí go hiomlán,  
 a iníon Iarúsailéim.
- <sup>15</sup> Tá an Tiarna tar éis an breithiúnas  
 a bhí ag bagairt ort a thógáil díot  
 agus do chuid naimhde a thiomáint chun siúil uait.  
 Tá an Tiarna, rí Iosrael, i do lár  
 agus ní healaí duit  
 eagla an mhí-áidh a bheith ort níos mó.
- <sup>16</sup> An lá sin déarfáir le Iarúsailéim:  
 ‘Ná bíodh eagla ort, a Shíón;  
 ná lagtar do lámha!
- <sup>17</sup> Tá an Tiarna, do Dhia, i do lár  
 mar laoch caithréimeach;  
 déanfaidh sé gairdeas go spleodrach mar gheall ort.  
 Athnuafaidh sé thú le neart a ghrá;  
 tógfaidh sé gártha áthais ar do shon
- <sup>18</sup> faoi mar a dhéantar ar lá an tsollúntais.’



## Filleadh na nDeoraithe

“Ardóidh mé an tubaiste díot  
sa chaoi nach mbeidh ort  
maslaí a fhulaingt níos mó.

<sup>19</sup> Féach! An tráth sin cuirfidh mé deireadh  
leis na daoine go léir a d’imir ansmacht ort.  
Sábhálfaidh mé na bacaigh;  
baileoidh mé le chéile  
an mhuintir a ruaigeadh chun fáin  
agus gnóthóidh mé clú agus cáil dóibh  
i ngach aon tír ar cuireadh náire orthu inti.

<sup>20</sup> An tráth sin, baileoidh mé sibh le chéile  
agus treoróidh mé féin abhaile sibh ansin.  
Tabharfaidh mé clú agus cáil daoibh  
i measc ciníocha uile an domhain,  
nuair a rathóidh mé sibh arís  
faoi bhur súile féin,” a deir an Tiarna.

